Meánscoil Gharman

Mí na Nollag 2015



An Ghaelbhratach

le Niamh Nic Ghiolla Bhríde

Anuraidh, rinne an coiste Gaeilge go leor oibre agus bhain siad an Ghaelbhratach amach. Bhronn an Taoiseach Enda Kenny an bhratach ar an gcoiste.

Ar an 26ú lá de mhí na Samhna thug an tAire Gaeltachta Joe McHugh cuairt ar an scoil. Ba mhór an onóir don scoil í agus bhíomar an-bhuíoch de.

D'ardaigh sé an Ghaelbhratach agus labhair sé linn maidir le tábhacht na Gaeilge. Sheinn na daltaí ceol agus rinne roinnt daltaí eile damhsa gaelach dó ar an lá, bhain an tAire an sult as.

Bhaineamar go léir taitneamh as an lá agus táim an-bhródúil as an éacht. Tá súil againn go n-éireoidh leis an gcoiste i mbliana an dara ceann a bhaint amach.

An Banc
The Ritz Bank
le Ciara Ní Bhroin

Osclaíodh "The Ritz Bank" ar an 23 Samhain. Roghnaíodh óstán mar théama an bhainc. Ar fhoireann an bhainc tá Marc- Bolton-Lee (Bainisteoir), Abbie Ní Chinnéide (Bainisteoir Cúnta), Joe Harris (Díolacháin agus (Margaíocht), Hazel Ní Dhubhgáin (Ionadaí Cúram Custaiméirí), Caoimhe Ní Bhroin (Oifigeach Digiteach) agus Ciara Ní Bhroin (Rialtóir Airgeadais).

Bíonn an banc ar oscailt gach Luan ag am lóin agus is féidir le daltaí na scoile cuntas a oscailt agus a gcuid airgid a chur i dtaisce. Chomh maith leis sin, cuirtear "Ritz Rewards" mar shampla *Afternoon Tea* ar fáil d'éinne a bhaineann úsáid as an mbanc ar scoil. Is féidir an banc a leanúint ar an suíomh idirlín https://bankingattheritz.wordpress.com, ar facebook: The Ritz Bank agus ar instagram @theritzbank. Tar agus cuir d'airgead i dtaisce.



Bodhrán

An cúigiú bliain ag cleachtadh ar an mbodhrán. Rinne siad a mbodhrán féin anuraidh agus ghlac siad páirt sa cheardlann seo i mbliana. Tá an tionscadal céanna ar siúl ag lucht na hidirbhliana faoi láthair.

Soapbox

Tháinig Claddagh sa dara háit i mbabhta réigiúnach "Europe Direct Soapbox"

Is comórtas é seo ina labhraíonn tú os comhair an phobail.

Ghlac Claddagh páirt sa chomórtas seo i mí Dheireadh Fómhair agus rinne sí píosa cainte ar "Charity begins at home"

Naomh Uinseann de Pól

D'eagraigh an coiste MSG SVP bailiúchán i gcomhair Naomh Uinseann de Pól don Nollaig

D'éirigh go maith leo leis an mbailiúchán agus beidh imeachtaí eile ar siúl i rith na bliana

Díospóireachtaí an Phiarsaigh

Le Emma Ní Bhroin

I mí na Samhna d'fhreastal ár bhfoirne díospóireachta ón scoil ar Chraobh Laighin na nDíospóireachtaí Uí Chaidhin i mBré. Bhí Caoimhe, Emma agus Liam ar an bhfoireann shinsearach agus bhí Olivia, Chloe agus Rosie ar an bhfoireann shóisearach. Faraor géar, níor éirigh leo an chéad bhabhta eile a shroicheadh, ach chuir gach duine go leor iarrachta isteach.

D'aontaigh an fhoireann shóisearach leis an rún "Ba cheart Simon Cowell a ruaigeadh ón teilifís" Ina theannta sin, rinne an fhoireann shinsearach plé ar an rún, "Ba cheart do mhunitir na hÉireann a gcuid táillí uisce a íoc." Bhí siad ar son an rúin chomh maith. Rinne chuile dhuine argóintí iontacha agus bréagnú cliste i gcoinne na bhfoirne eile.

Tá súil again go n-éireoidh go geal leis an dá fhoireann an bhliain seo chugainn.

Mionchomhalacht

Mionchomhalachtaí ón idirbhliain ag díol a gcuid tairgí san ostán ˜The Riverside" D'imigh an leictreachas ar an lá ach cosúil le haon chomhlacht gairme níor chuir sé sin isteach orthu agus lean siad ar aghaidh leis an ngnó.

Scléip

le Fionn Griffin

Ar an 2 Nollaig thaistil 30 dalta ón scoil go Mainisitir Fhear Maí i gCorcaigh chun páirt a ghlacadh sa chomórtas Scléip, bhí roinnt daltaí eile ag tabhairt tacaíochta ar an lá.

Bhí an grúpa damhsa ón scoil ar an stáitse ar dtús. Is iad damhsóirí an ghrúpa ná Amy ó bhliain 5, Sarah agus Niamh ó bhliain 3, Michaela agus Róise Éilis ó bhliain 2 agus Jennifer ó bhliain 1.

Chuir grúpa drámaíochta mím ar an stáitse. Ghlac Seán agus Niamh ó bhliain 5, NIamh ó bhliain 3 agus Aoife ó bhliain 1 páirt sa ghrúpa sin. Bhí dhá ghrúpa eile ceoil ann chomh maith. Bhí Jade, Chloe, Nóra ó bhliain 3 agus Erin Ní Dhuibhne ó bhliain 1 ag canadh mash-up de phopamhráin na Gaeilge. Sa rannóg dheireanach bhí Katie ó bhliain 6, Jo ó bhliain 5, Áine agus Fionn ó bhliain 4 agus Dion ó bhliain 3. Chan siad *Rumour Has It* as Gaeilge agus d'éirigh thar barr leis na grúpaí ar fad. D'eirigh leis an ngrúpa damhsa dul ar aghaidh go dtí an chraobh i mBaile Átha Cliath ar an 3 Feabhra 2016. Go n-éirí leo agus moladh mór tuillte ag gach duine a bhí pairteach sa chomórtas.

Inis Oírr

Le Rosie Whelehan

Chuaigh mé agus an rang ar thuras go hinis Oírr níos luaithe sa bhliain. Bhí an t-oileán go hálainn agus bhí an spraoi againn.
Ar ár mbealach fuaireamar an seans píosa síopadóireachta a dhéanamh i nGaillimh.
Chuamar ag rothaíocht, ag marcaíocht agus ar shiúlóid timpeall an oileáin. Bhí an radharc go hálainn agus thógamar a lán pictiúir freisin. Dúramar go léir go rachaimid ar ais sa todhchaí.

Chuaigh formhór an ranga ag snámh agus chonaiceamar an deilf atá ina cónaí ann. Bhí siopa beag faoiste ann agus bhí gach rud chomh blasta. Bhaineamar ar fad an-taitneamh as an bhfaiche imeartha a bhí ar an oileán.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Linda agus Christine. Bhí an turas ar fheabhas.

Trá Mhór

Lucht na hidirbhliana i dTrá Mhór. Bhain siad triail as surfáil agus d'fhan siad thar oíche i mbrú óige le Danielle agus Colm

Spórt le Daithí Ó Gionnáin

Peil Ghaelach

F18

Tá na buachaillí f18 i lár sraithe faoi láthair. D'éirigh go maith leo sa chéad chluiche a d'imir siad. Bhí an bua acu i gcoinne Ghairmscoil Bhun Clóidí. An scór deiridh ná 3-5 go 1-5. Bhí an aimsir go hainnis ar an lá agus d'imir an fhoireann go hiontach. Maith sibh. Bíonn traenáil ar siúl gach Céadaoin i ndiadh na scoile nuair a bhíonn an aimsir go maith. Cuir ceist ar Dhaithí nó ar Cholm chun é a chinntiú gach seachtain.

Tá na buachaillí f14 i lár sraithe faoi láthair. D'éirigh go maith leo sa dara cluiche a d'imir siad. Bhí an bua acu i gcoinne Ghairmscoil Bhun Clóidí agus chaill siad an chéad chluiche a d'imir said i gcoinne Choláiste Seilscaire, Loch Garman. Beidh an triú cluiche ag teacht go luath.

Chomh maith leis sin, bhí lá iontach ag an scoil i mblitz an chontae. Bhí an bua acu sna cluichí a d'imir siad agus chuaigh siad ar aghaidh go dtí an cluiche ceannais. Ní raibh an t-ádh linn ar an lá sin i gcoinne Ghairmscoil Inis Córthaidh.

Bíonn traenáil ar siúl gach Céadaoin i ndiadh na scoile nuair a bhíonn an aimsir go maith. Cuir ceist ar Dhaithí nó Colm chun é a chinntiú gach seachtain.

Rith Tras Tíre

Bhí comórtas an chontae ar siúl ar an 25ú de mhí na Samhna. D'éirigh go maith le foireann na scoile ann. Chríochnaigh Robert Ronan, captaen na foirne, sa 7ú háit sa rás f17 agus chríochnaigh Anna Caomhánach sa 7ú háit sa rás chomh maith. D'éirigh go han-mhaith le hEoin Ó Conchubhar agus Tadhg Ó Meachair sa rás f15 cé go bhfuil siad fós f14. Rith na buachaillí f14 go léir sa rás mícheart trí thimpiste!!! Chríochnaigh siad sa 14ú agus 16ú háit. Ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh le Sonia Millbourne, an t-aon cailín ón gcéad bhliain a rith i rás ar an lá. Reathaí iontach is ea í agus táimid ag súil go mbeidh an bua aici i rás am éigin amach anseo.

Sacar

Chuaigh na buachaillí agus na cailíní go Blitz Futsal le déanaí. Bhí lá iontach againn. Bhuaigh an dá fhoireann ar an lá faoi dhó. Beidh an idirbhliain ag eagrú cluichí sacair ag am lóin nuair a thiocfaidh feabhas ar an aimsir.

Camógaíocht

Chuaigh na cailíní go dtí a gcéad blitz camógaíochta ar an 11ú de mhí na Samhna. Bhí lá iontach acu ann. D'imir siad cúig chluiche: bhí an bua acu faoi dhó, chríochnaigh dhá cheann acu ar comhscór agus chaill siad ceann eile. Beidh an dara "blitz" ar siúl i mí Feabhra

Comórtas Filíochta

Buaiteoirí

Christmas town

In a Christmas town
not far from here
Live some town folk
And lots of reindeer

People dancing
People singing
Reindeers prancing
Bells ringing

In a Christmas town
not far from here
It's Christmas all day
Everyday of the year

le Kitty Beattie

My Merry Christmas

Listen to my tale of woe
And then you shall know
How terrible is my life
In particular during this christmas strife.

On Christmas Eve I wrote my letter
In the hope that my life would be so much better.
But who was I fooling after what I had done
I burned down the school cause I thought it would be fun.

A mountain bike was what I sought
But that is not what Santa (the rascal) brought.
He came down my chimney at midnight
And left me a hello kitty bike.

There is no forgiving what Santa has done
as he even ate my hot-crossed bun.
So next year I'll ask for something much better
an Uzi, a crossbow and xmas sweater.

With these in my hand Santa better run,
He better leave the milk, the cookies, the cheese
And especially my hot crust bun.

Le Eoin O Conchubhar

Comhghairdeas le Huan Er Nic Ghiolla Bhríde.

Tháinig sí sa triú háit sa rannóg 'núíosach' i gCraobh Idir-Scoile Eachléimnigh

Dátaí Don Dialann

Scoil ag athoscailt	6/1/16
Seó Faisin	3/2/16
Turas go dtí an Róimh	25/2/16 go dtí 29/2/16
Búcairist	20/4/16 go dtí 27/2/16

Nollaig Shona

Bainigí sult as an mbriseadh